# Treoirlínte d'iarratasóirí

# SCÉIM NA gCOIMISIÚN (2026-2028)

**Treoirlínte:**
Cuireann na treoirlínte seo eolas ar fáil faoi Scéim na gCoimisiún (2026-2028).

Cuideoidh siad leat:

- cinneadh a dhéanamh an bhfuil d'eagraíocht cáilithe le cur isteach ar mhaoiniú faoin scéim seo,
- iarratas a ullmhú ina bhfuil an t-eolas go léir atá de dhíth.

Léigh go cúramach iad, le do thoil, sula dtabharfaidh tú faoin iarratas a chomhlánú.

## 1. Mar gheall ar an scéim seo

Tá maoiniú á chur ar fáil ag Foras na Gaeilge do Scéim na gCoimisiún a bheidh le reáchtáil thar thréimhse dhá bhliain, an 1 Iúil 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2028.

### Aidhmeanna na scéime

- Ciste coimisiúnaithe a chur ar fáil d'fhoilsitheoirí Gaeilge a thacódh leo scríbhneoir(í) a choimisiúnú le díriú ar shaothar nua atá ar ardchaighdeán a scríobh trí mheán na Gaeilge thar thréimhse dhá bhliain
- Éagsúlacht agus saibhreas a dheimhniú sna réimsí ábhar léitheoireachta éagsúla trí phleanáil chomhtháite i réimse na scríbhneoireachta agus na foilsitheoireachta Gaeilge

### Cuspóirí na scéime

- Cur chuige comhoibríoch idir foilsitheoirí, scríbhneoirí, maisitheoirí agus an pobal i bhforbairt agus cur i láthair an tsaothair nua Gaeilge
- Saothar a fhorbairt a fhreagróidh do riachtanais an spriocphobail léitheoireachta aitheanta trí léiriú cuimsitheach a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann leis na gnéithe seo a leanas den choimisiún:
    - Seánra
    - Stíl scríbhneoireachta
    - Formáid an leabhair

### Réimsí ábhar léitheoireachta

Is é Foras na Gaeilge a shocróidh na tosaíochtaí a bhaineann le spriocphobail áirithe ag tréimhsí ar leith. Is ar an spriocphobal seo a leanas a dhíreofar faoi scéim 2026-2028:

- **Léitheoirí óga líofa ocht mbliana go dtí dhá bhliain déag**

Ní gá áfach go nglacfar le gach iarratas a dhíríonn ar an spriocphobal seo agus is féidir go nglacfar le hiarratais atá dírithe ar spriocphobal eile má mheastar go bhfuil fiúntas faoi leith ag baint leis an saothar beartaithe.

Beidh gairm amháin ar iarratais agus is féidir le foilsitheoirí iarratas a dhéanamh do níos mó ná coimisiún amháin a fhad is go bhfuil scríbhneoir difriúil i gceist.

Is le hairgead poiblí a bhronntar deontais, agus tá dualgais reachtúla ar Fhoras na Gaeilge luach ar airgead gach tionscadail mhaoinithe a dheimhniú.

Molann Foras na Gaeilge d'iarratasóirí cómhaoiniú a lorg le haghaidh tionscadal, nuair is cuí, agus comhoibriú le heagraíochtaí eile leis an luach is fearr a fháil ó dheontas Fhoras na Gaeilge.

Cuirimid fáilte faoi leith roimh iarratais ó eagraíochtaí atá suite i gceantair aitheanta i straitéisí agus/nó i reachtaíocht rialtais.

## 2. An féidir linne cur isteach air?

Le bheith incháilithe le cur isteach ar an scéim seo caithfidh d'eagraíocht a bheith in ann na critéir cháilitheacha seo a leanas a chomhlíonadh;

- Is **deontaí reatha faoi Scéim na Foilsitheoireachta an t-iarratasóir**
- Is eagraíocht é an t-iarratasóir, faoi stiúir coiste nó boird le sainróil dheimhnithe, le bunreacht, ráiteas bainc cothrom le dáta in ainm an iarratasóra agus cuntais atá deimhnithe ag cuntasóir cairte, sonraí cánach agus seicliosta um chumhdach leanaí má bhaineann **nó** is comhlacht, gnólacht nó trádálaí aonair é an eagraíocht, atá cláraithe le meabhrán agus airteagail agus ráiteas bainc cothrom le dáta
- Tá cuntas bainc ag an iarratasóir in ainm na heagraíochta, atá faoi stiúir choiste nó bhord na heagraíochta
- Tá cóip shínithe agus dhátaithe de bhunreacht nó meabhrán agus airteagail chomhlachais, mar is cuí, ar fáil

Féadfaidh Foras na Gaeilge cur leis na critéir cháilitheacha seo.

Má tá aon cheist agat faoi ghné ar bith de na critéir cháilitheacha, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Foras na Gaeilge roimh an spriocdháta.

## 3. Cé mhéad maoinithe is féidir linn a fháil?

Beidh €8,500 ar a mhéad ar fáil mar dheontas do gach aon choimisiún thar thréimhse dhá bhliain.

Beidh €8,000 ar a mhéad ar fáil don scríbhneoir agus uasmhéid de €500 ar fáil don fhoilsitheoir do gach aon choimisiún mar tháille riaracháin.

Íocfar an coimisiún ina dhá sciar; an chéad sciar in 2026 agus an dara sciar in 2028.

**Sciar 1: Uasmhéid €4,000**

Íocfar an chéad sciar **i mí na Nollag 2026** ar an gcoinníoll go gcuirfear ar fáil roimh ré d'Fhoras na Gaeilge **conradh** idir an scríbhneoir agus an foilsitheoir a chuimsíonn eolas maidir le **spriocanna, amscálaí agus freagrachtaí aontaithe** agus **PDF den chéad chaibidil nó píosa suntasach den obair go dáta**.

**Sciar 2: Uasmhéid €4,500 (€4,000 don scríbhneoir agus €500 don fhoilsitheoir mar tháille riaracháin)**

Íocfar an dara sciar **i mí Iúil 2028** ar an gcoinníoll go gcuirfear ar fáil faoin **1 Iúil 2028**:

a) sampla den saothar i bhfoirm PDF mar fhianaise go bhfuil an coimisiún mar a bhí aontaithe sa chonradh curtha i gcrích
a) tuairisc ón bhfoilsitheoir maidir le dul chun cinn an choimisiúin a chuimsíonn eolas maidir le **spriocanna, amscálaí agus freagrachtaí mar a bhí aontaithe sa chonradh**

Is gá an maoiniú a chaitheamh agus an coimisiún mar a bhí aontaithe sa chonradh a bheith curtha i gcrích **faoin 30 Meitheamh 2028**.

## 4. Cad é mar a mheasfar na hiarratais?

Úsáideann Foras na Gaeilge critéir mheasúnaithe le hiarratais a mheasúnú. Tá critéir mheasúnaithe na scéime leagtha amach thíos. Measfaimid agus scórálfaimid iarratais de réir na gcritéar seo.

**Is gá 65% ar a laghad a fháil le go mbronnfar deontas ar an iarratasóir.**

### A. An coimisiún

Cuireann Foras na Gaeilge fáilte ar leith roimh iarratais

- **a thacaíonn le haidhmeanna agus cuspóirí na scéime**
    - Tabharfar tús áite d'iarratais atá dírithe ar spriocanna tábhachtacha a dhéanann freastal ar easnaimh nach bhfuil freastal á dhéanamh orthu cheana ach atá ag cloí le rialacha na scéime
- **a léiríonn cumas an scríbhneora tabhairt faoin gcoimisiún** i gcomhpháirt leis an bhfoilsitheoir de réir threoirlínte na scéime
    - ba chóir samplaí oibre ábhartha a léiriú mar chuid de CV liteartha an scríbhneora a thacóidh leis an iarratas
    - ba chóir sonraí teagmhála an scríbhneora a bheith luaite ar an CV liteartha
- **a thacaíonn le spriocanna agus freagrachtaí aontaithe** idir an foilsitheoir agus an scríbhneoir atá **sonrach, intomhaiste, uaillmhianach, faoi cheangal acmhainne agus faoi cheangal ama** don tréimhse dhá bhliain, an 1 Iúil 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2028

### B. An plean gnó agus forbartha

Cuireann Foras na Gaeilge fáilte ar leith roimh iarratais a léiríonn cumas an iarratasóra **foinsí ioncaim agus foinsí maoinithe ábhartha eile** a thacódh leis an iarratas a aimsiú agus a bhainistiú go héifeachtach.

**Critéir mheasúnaithe**

| **Caighdeán an choimisiúin** | **Marc** |
|---|---|
| Aidhmeanna agus cuspóirí na scéime | 40 |
| CV liteartha an scríbhneora | 30 |
| Spriocanna, amscálaí agus freagrachtaí | 20 |
| | |
| **Caighdeán an phlean gnó** | |
| Foinsí ioncaim agus foinsí maoinithe ábhartha eile | 10 |

| Iomlán | 100 |
|---|---|

**Cé atá neamh-incháilithe mar iarratasóir?**

- Iarratasóir nach bhfaigheann maoiniú faoi Scéim na Foilsitheoireachta

**Coinníollacha maidir le saothar a choimisiúnú**

- Beidh ar an scríbhneoir agus ar an bhfoilsitheoir spriocanna **agus** spriocdhátaí a aontú maidir le tréimhse an choimisiúin. Beidh seo le sonrú ar an gconradh eatarthu.
- Is gá go mbeidh spriocanna agus na spriocdhátaí ar fad a aontaíodh sa chonradh bainte amach **faoin 30 Meitheamh 2028.**
- Dáilfear an ciste coimisiúnaithe trí na foilsitheoirí. Ní mór don fhoilsitheoir suim iomlán an choimisiúin a íoc leis an scríbhneoir. Cuirfidh feidhmeannaigh Fhoras na Gaeilge luach an choimisiúin in iúl don scríbhneoir tar éis chinneadh Bhord Fhoras na Gaeilge.
- Mura mbaineann an scríbhneoir na **spriocanna** mar a bhí aontaithe amach faoi na **spriocdhátaí** aontaithe atá luaite sa chonradh tiocfaidh deireadh le freagracht Fhoras na Gaeilge maidir le híocaíocht na sciartha luaite thuas ach amháin má cheadaíonn Foras na Gaeilge a mhalairt de shocrú.
- Ní mór don fhoilsitheoir cúram a dhéanamh de chaighdeáin an ábhair atá siad a choimisiúnú, maidir le heagarthóireachta agus dearadh, mar shampla, agus a chinntiú go bhfuil an saothar a chuirfear ar fáil i bhfoirm PDF ag deireadh na scéime ar ardchaighdeán.
- Is le haghaidh saothair atá le scríobh mar thoradh ar an gcoimisiún atá an scéim seo ann agus tá iallach ar an bhfoilsitheoir Foras na Gaeilge a chur ar an eolas maidir le haon iarratas ar chomórtais liteartha atá déanta nó beartaithe leis an saothar.

**5. Cad é mar a chuirfimid isteach air?**

Sula dtabharfaidh tú faoin bhfoirm iarratais a chomhlánú léigh na treoirlínte ina n-iomláine arís agus déan cinnte go gcomhlíonann d'eagraíocht critéir cháilitheacha na scéime faoi mhír 2 thuas.

Is ar fhoirm iarratais na scéime amháin a ghlacfar le hiarratais don scéim seo.  Caithfidh tú gach ceist a fhreagairt.

Is é **12 meán lae Dé Luain an 27 Aibreán 2026** an spriocdháta le haghaidh iarratas.

Faoin iarratasóir féin atá sé a dhéanamh cinnte go bhfuil an t-iarratas comhlánaithe agus curtha isteach in am. **Ní ghlacfaidh Foras na Gaeilge le haon iarratas i ndiaidh an spriocdháta**.

Má tá aon cheist agat faoi ghné ar bith den iarratais, déan teagmháil le Foras na Gaeilge roimh an spriocdháta.

**6. Cad é a tharlóidh dár n-iarratas?**

Déanfar gach iarratas bailí a mheas faoi na critéir a luaitear i mír 4 thuas.

Cuirfear an cinneadh maoinithe in iúl d'iarratasóirí trí ríomhphost.

Cealófar aon iarratas a ndéantar stocaireacht faoi le haon chomhalta boird nó le haon fhostaí de chuid Fhoras na Gaeilge.

Cealófar aon iarratas ina dtugtar eolas míchruinn.

Is é feidhmeannas Fhoras na Gaeilge atá freagrach as gach cinneadh faoi gach tionscadal atá le maoiniú, agus a chuirfidh gach cinneadh maoinithe i gcrích.

### 7. Má éiríonn lenár n-iarratas?

Má éiríonn le d'iarratas cuirfimid tairiscint chugat trí ríomhphost ina mbeidh gach eolas ábhartha maidir le híocaíocht agus monatóireacht dheontas na scéime.

Conradh dlíthiúil a bheidh sa tairiscint seo agus ní mór cloí le téarmaí agus coinníollacha an chonartha sin. Is féidir go ndéanfar aon sciar den deontas nó an deontas ar fad a chealú nó a aisghairm má sháraítear aon cheann de théarmaí nó choinníollacha an chonartha.

Ní mór cuntas bainc a bheith ann in ainm na heagraíochta atá ag déanamh iarratais, agus é a bheith faoi stiúir coiste nó boird. Is cóir gach íocaíocht ó dheontas Fhoras na Gaeilge a íoc as an gcuntas seo le go mbeidh cuntas scríofa ar fáil ar gach íocaíocht (m.sh. seic, dochar díreach, cárta bainc a bhaineann leis an gcuntas, BACS etc.).

**Níl sé ceadmhach cárta pearsanta bainc nó creidmheasa a úsáid agus ní cheadófar aisíocaíochtaí ón gcuntas chuig cárta pearsanta in aon chás.**

**Ní chuirfidh Foras na Gaeilge maoiniú ar fáil d'íocaíochtaí a dhéantar le hairgead tirim.**

Ní dhéanfaidh Foras na Gaeilge aon mhaoiniú ar chaiteachas nach bhfuil ceadaithe roimh ré. Ní íocfar aon deontas go siarghabhálach.

### 8. Cad é mar is féidir liom aiseolas a thabhairt, gearán a dhéanamh nó achomharc a lorg?

Cuireann Foras na Gaeilge fáilte roimh aon mholtaí nó aiseolas a bheadh agat faoin scéim seo.

Má tá ábhar gearáin agat faoin scéim seo is féidir sin a chur in iúl d'Fhoras na Gaeilge chomh maith.

Tá córas achomhairc i bhfeidhm ag Foras na Gaeilge. Mura bhfuil tú sásta leis an gcinneadh a rinneadh maidir le d'iarratas, is féidir leat athbhreithniú a lorg i scríbhinn taobh istigh de cheithre lá dhéag ó dháta na tairisceana faoin gcinneadh. Ní mór gach iarraidh ar athbhreithniú a bhunú ar na cúiseanna seo amháin:

i. Go ndearna Foras na Gaeilge míléamh ar an eolas a tugadh i rith an mheasúnaithe.
ii. Gur imigh Foras na Gaeilge, ar dhóigh shubstaintiúil, ón bpróiseas measúnaithe féin.